Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/716

30.1.2026

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis, ina dtaobh**

(C/2026/716)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle ([2]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/239 ón gComhairle ([3]), agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle ([4]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/238 ón gComhairle ([5]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir RELEX (Gnóthaí Eachtracha) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht na Comhairle
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2011/72/CBES, arna leasú ag Cinneadh (CBES) 2026/239, agus Rialachán (AE) Uimh. 101/2011, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/238 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2011/72/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

Ar na sonraí pearsanta a bhailítear, áirítear pé sonraí is gá chun an té lena mbaineann a shainaithint i gceart, mar aon leis an ráiteas ar chúiseanna, agus aon sonraí eile dá mbaineann leis sin.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar d'aon srianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, mar shampla ceart rochtana, chomh maith leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin nó an ceart chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.
([3]) IO L, 2026/239, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/239/oj.
([4]) IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.
([5]) IO L, 2026/238, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/238/oj.

Déanfar sonraí pearsanta a choimeád go ceann 5 bliana ón uair a bhainfear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a rachaidh bailíocht an bhirt in éag, nó fad a mhairfidh imeachtaí cúirte i gcás inar cuireadh tús lena leithéidí.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).